An Roinn Oideachais agus Scileanna
Ráiteas Straitéise
2011 - 2014

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Ráiteas Straitéise

2011 - 2014

1. Ról na Roinne

Ár Misean

A chumasú d'fhoghlaimeoirí a n-acmhainneacht iomlán a chomhlíonadh agus rannchuidiú le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

Ár Luachanna

Seo iad na luachanna a threoraíonn obair na Roinne:

- Bheith eiticiúil, cothrom agus neamhchlaon agus meas a léiriú ar cheartas sóisialta, ar chomhionannas agus ar chuimsitheacht.
- Na caighdeáin éifeachtachta, dúthrachta agus cúirtéise is airde a bheith i réim.
- Bheith oscailte agus freagrach, coimhlintí leasa a sheachaint agus a bheith meabhrach go bhfónaimid do mhuintir na tíre seo.
- Comhpháirtíocht a chur ar aghaidh trí dhul i gcomhairle lenár gcustaiméirí agus meas a léiriú orthu.
- Caighdeáin dea-chleachtais a bheith i bhfeidhm i dtaca le hearcaíocht, le hoiliúint foirne agus le forbairt foirne.

Ár Sainordú

Is é ról na Roinne tacú le rath oideachais gach foghlaimeora agus feabhsuithe a dhéanamh ar fheidhmíocht ghinearálta an chórais oideachais agus oiliúna. Ní mór dúinn a chinntiú, leis, go gcuirtear seirbhísí laethúla ar fáil ar shlí éifeachtúil.

Tá cúram ar an Roinn as raon leathan gníomhaíochtaí ar gach leibhéal den chóras oideachais agus oiliúna. Áirítear orthu forbairt beartais, cistiú, seirbhísí agus tacaíocht a sholáthar do sholáthraithe oideachais; bonneagar oideachais agus oiliúna a phleanáil agus a sholáthar; an soláthar oideachais agus oiliúna a fheabhsú trí chomhoibriú Thuaidh-Theas agus trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh (AE) agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile.

Cuid de shainordú na Roinne is ea ról ar leith i dtaca le Sásamh d'Institiúidí Cónaithe agus roinnt comhlachtaí eile faoi choimirce na Roinne lena n-áirítear an Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe (RIRU).

Toisc a thábhachtaí atá an t-oideachas agus an oiliúint don fhorbairt shóisialta agus gheilleagrach éilíonn sainordú na Roinne í a bheith bainteach le méid suntasach obair thrasrannach agus obair thras-earnála chun raon beartas atá faoi threoir Ranna eile a sheachadadh. Díríonn na deacrachtaí geilleagracha atá i réim faoi láthair ár n-aird ar an tionchar díreach is féidir a bheith ag an oideachas agus ag an oiliúint ar dheiseanna aonair agus ar chabhrú chun poist agus infheistíocht a mhealladh agus fás geilleagrach a chothú. Ina fhianaise sin, is tábhachtaí ná riamh an ról atá ag na hearnálacha oideachais agus oiliúna chun a chinntiú go ndéanann an córas oideachais agus oiliúna a cion ar gach leibhéal chun ár ndaltaí a threalmhú leis na scileanna is gá agus chun dul i ngleic le dífhostaíocht trí dheiseanna athscilithe agus breis-scilithe a sholáthar do chuardaitheoirí poist.

2. Anailís ar an Timpeallacht

Aithnítear go forleathan in Éirinn a mhéad a rannchuidíonn oideachas agus oiliúint le forbairt phearsanta, le forbairt gheilleagrach, shibhialta agus pobail, le cur ar aghaidh an chultúir agus na hoidhreachta, agus le dul i ngleic le raon leathan saincheisteanna sóisialta. Ciallaíonn nádúr fairsing ár sainordú gur casta í an timpeallacht gheilleagrach agus shóisialta ina n-oibríonn an Roinn agus go mbíonn teagmháil againn le raon leathan geallsealbhóirí a bhfuil tosaíochtaí agus leasanna iomaíocha agus éagsúla acu.

Bíonn teagmháil ag gach saoránach leis an gcóras oideachais agus oiliúna ag pointe éigin ina saol, cibé mar dhalta, mar thuismitheoir, mar fhostóir, mar fhostaí, mar bhall den phobal nó mar rannpháirtí ar chumann tuismitheoirí, ar bhord

bainistíochta scoile nó ar bhord rialachais eile. Grúpaí tábhachtacha geallsealbhóirí is ea an Rialtas, baill an Oireachtais, na heagraíochtaí comhpháirtíochta oideachais éagsúla a ionadaíonn dóibh siúd a oibríonn san earnáil oideachais, eagraíochtaí náisiúnta comhpháirtíochta sóisialta i gcoitinne agus fostaithe na Roinne agus na hearnála oideachais i gcoitinne, mar chustaiméirí inmheánacha.

Ar na saincheisteanna comhshaoil tábhachtacha nár mhór a chur san áireamh agus straitéis á cheapadh tá éileamh ar thorthaí foghlama níos fearr, rannchuidiú le clár oibre fáis agus fostaíochta an Rialtais agus díriú ar riachtanais scile daoine dífhostaithe, brúnna déimeagrafacha an chórais, an gá atá le hathrú struchtúrtha ar an gcóras, na srianta ginearálta geilleagracha agus airgeadaíochta agus an gá atá le rannchuidiú na hearnála oideachais i leith cuspóirí airgeadaíochta a chomhlíonadh agus creat urrúnta cosaint leanaí a chinntiú san earnáil oideachais.

2.1 Torthaí ar Ardchaighdeán

Príomhpháirt dár misean i dtréimhse na straitéise is ea feabhas a chur ar chaighdeáin litearthachta agus uimhearthachta agus a chinntiú go bhfuil torthaí foghlama ardchaighdeán á mbaint amach sa chóras oideachais chun deiseanna saoil ár bhfoghlaimeoirí ar fad a uasmhéadú i sochaí agus in áiteanna oibre atá ag athrú.

Ní mór dúinn a chinntiú go bhfoghlaimíonn leanaí agus daoine óga conas bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil agus conas fadhbanna a réiteach agus eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna éagsúla. Má éiríonn linn é sin a bhaint amach rachaidh sé chun tairbhe san fhadtéarma don uile dhuine óg agus dá dteaghlach agus don tsochaí agus don gheilleagar i gcoitinne. Ní mór dúinn díriú ar bhéim níos mó a chur ar smaointeoireacht chriticiúil agus deireadh a chur le foghlaim de ghlanmheabhair.

2.2 Fás agus Fostaíocht

Príomheilimint de straitéis fáis agus forbartha an Rialtais is ea a chinntiú go mbeidh na scileanna cearta againn chun deiseanna fostaíochta agus infheistíocht a mhealladh isteach, a choimeád agus a mhéadú agus fás a inbhuanú. Le cois torthaí oideachais a fheabhsú i gcoitinne ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh na scileanna cearta ag ár bhfoghlaimeoirí agus ag ár gcéimithe chun fostaíocht a fháil, agus breisoiliúint agus uas-sciliú a sholáthar do dhaoine dífhostaithe, go háirithe iad siúd atá i mbaol a bheith dífhostaithe san fhadtéarma.

D'fhreagair institiúid ardoideachais do riachtanais foghlaimeoirí, riachtanais atá ag athrú, trí raon leathan deiseanna foghlama solúbtha a sholáthar, lena n-áirítear tuilleadh cúrsaí páirtaimseartha. Ach Straitéis Ardoideachais 2011-2014 a bheith curtha i bhfeidhm, cuirfear tuilleadh le freagrúlacht agus le cáilíocht ár gcórais ardoideachais chun freastal ar riachtanais mac léinn agus a dtuismitheoirí, ar riachtanais ghnó agus ar riachtanais na sochaí trí chéile.

Is é sainordú an údaráis nua breisoideachais agus oiliúna – SOLAS – a chinntiú go soláthrófar cláir bhreisoideachais agus oiliúna ar chaighdeán an 21ú haois do chuardaitheoirí poist agus d'fhoghlaimeoirí eile. Cláir chomhtháite, sholúbtha, luach ar airgead a bheidh iontu a fhreastalóidh do riachtanais foghlaimeoirí agus do riachtanais geilleagair atá athraithe agus ag athrú go fóill. I dteannta na Seirbhísí Náisiúnta Fostaíochtaí agus Teidlíochtaí (NEES) beartaithe, féachfaidh SOLAS agus na Coistí Gairmoideachais, a bheidh freagrach ar deireadh as soláthar an bhreisoideachais agus na hoiliúna, chuige gur féidir le daoine dífhostaithe, go háirithe iad siúd atá dífhostaithe san fhadtéarma, teacht a fháil ar na deiseanna breisoiliúna agus athscilithe atá uathu. Beidh struchtúr rialachais trasna na Ranna Coimirce Sóisialaí agus Oideachais agus Scileanna freagrach as seirbhís chomhtháite atreoraithe agus oiliúna a sholáthar do dhaoine dífhostaithe.

2.3 Cosaint Leanaí

Le blianta beaga anuas in Éirinn, tá athrú á dhéanamh ar an tslí a gcuirtear seirbhísí leasa leanaí agus cosanta leanaí ar fáil. Ó 1999 i leith, tá treoir urrúnta náisiúnta le fáil in *Tús Áite do Leanaí* ina ndéantar cosaint leanaí ó mhí-úsáid agus ó fhaillí ina gcúram a chur ar aghaidh.

Seoladh Treoir *Thús Áite do Leanaí* an 15 Iúil 2011 agus deirtear ann ar gá d'eagraíochtaí a dhéanamh chun leanaí a choimeád sábháilte, agus ar gá do chomhlachtaí difriúla agus an pobal i gcoitinne a dhéanamh, má tá siad buartha faoi shábháilteacht nó faoi leas linbh.

Is é ról na Roinne seo treoir a sholáthar do scoileanna agus d'eagraíochtaí oideachais eile i dtaobh chur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta um chosaint agus leas leanaí, aon líomhain a fhaightear a atreorú go dtí an scoil/eagraíocht dá n-aird, eolas a fhaightear a chomhroinnt le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta cuí, de réir *Tús Áite do Leanaí*, i ngach cás.

Le deireanas d'fhormheas an Rialtas raon míreanna reachtaíochta a thabhairt ar aghaidh chun cosaint níos fearr ar mhí-úsáid a sholáthar do leanaí, lena n-áirítear géilliúlacht reachtúil den chéad uair do Tús Áite do Leanaí.

Tá ról na hearnála oideachais i dtaca le cosaint leanaí agus leas leanaí sainithe go soiléir, ach ní mór athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar an treoir agus ar na nósanna imeachta a ghlac an Roinn, mar a rinneadh riamh, le cinntiú go gcloíonn siad i gcónaí leis an gcreat náisiúnta treorach agus reachtach do sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí. Beidh comhairliú le comhpháirtithe oideachais i gceist sna hathbhreithnithe sin, mar is cuí.

2.4. Déimeagrafaic agus Comhdhéanamh an Daonra

Gabhann dúshlán leis an éileamh ar oideachas agus oiliúint in Éirinn a chomhlíonadh, i bhfianaise an fháis atá ag teacht ar éileamh agus an t-athrú ar dhéimeagrafaic. Leanfaidh an méadú ar chlárú isteach sna blianta romhainn agus méadóidh sé an t-éileamh ar chóiríocht scoile, ar sholáthar ardoideachais, ar thacaíochtaí riachtanais speisialta oideachais agus ar sholáthar múinteoirí agus gabhfaidh dúshláin leis sin ar fad i bhfianaise na sriantachtaí reatha airgid. Lena chois sin, is mór an t-athrú atá tagtha ar chomhdhéanamh dhaonra na ndaltaí le blianta beaga anuas; is iomaí cúlra cultúrtha agus eitneach atá ag daltaí agus mic léinn na laethanta seo. Tá raon na gcineálacha oideachais atá á lorg ag tuismitheoirí níos éagsúla anois ná riamh. De bharr athrú ar phátrúin oibre fostaíocht pháirtaimseartha is ea breis is 20% den fhostaíocht i láthair na huaire. Tá gá anois níos mó ná riamh ag daoine le cláir sholúbtha oideachais agus oiliúna ar féidir iad a chomhcheangal le gealltanais oibre agus teaghlaigh. Croíchuspóir d'fhorbairt na mbeartas i ngach earnáil agus leibhéal oideachais agus oiliúna is ea freastal ar éagsúlacht.

2.5. Teicneolaíocht san Oideachas

Tá tionchar ag TFC ar gach gné den saol laethúil agus tá athrú ó bhun déanta aige ar an tslí a ndéanaimid cumarsáid lena chéile. Tá deiseanna ann chun TFC a úsáid chun teacht níos fearr a thabhairt ar oideachas agus ar oiliúint agus chun an teagasc agus an fhoghlaim sna scoileanna, an breisoideachas agus an t-ardoideachas agus oiliúint a fheabhsú. Teastóidh infheistíocht leanúnach i TFC chuige sin agus níor mhór TFC a lánpháirtiú i ngach gné den churaclam. Teastóidh nascacht fheabhsaithe i dtithe, i scoileanna agus i soláthraithe oideachais ar fud na tíre chun lánbhuntáiste a bhaint as seirbhísí oideachais agus inneachar digiteach ar líne.

2.6. Struchtúir Oideachais

Tá gá le nuachóiriú agus athchóiriú a dhéanamh ar na struchtúir ina gcuirtear an t-oideachas ar fáil. Seo iad na hathruithe is suntasaí a bheartaítear a bhaint amach le linn thréimhse na straitéise seo: líomhchóiriú agus athstruchtúrú ar chóras na gCoistí Gairmoideachais, córas comhtháite nuachóirithe breisoideachais agus oiliúna a sholáthar trí SOLAS, samhail NEES a roll amach, cuíchóiriú a dhéanamh ar an soláthar ardoideachais agus forbairt a dhéanamh ar raon cineálacha pátrúnachta scoile.

2.7. An Comhthéacs Geilleagrach i gCoitinne

Is tubaisteach an tionchar a bhí ag an gcúlú eacnamaíochta agus ag an ngéarchéim bhaincéireachta ar an airgeadas poiblí. Tá cúrsaí airgeadais imithe in olcas go tapa ón mbliain 2008 ionas go bhfuil bearna shuntasach anois idir an teacht isteach náisiúnta agus an caiteachas náisiúnta. Ní féidir an staid sin a choimeád agus beidh ceartuithe eile de dhíth chun an bhearna a dhúnadh agus caiteachas poiblí a chur ar bhonn inbhuanaithe. Cé go bhfuil méideanna suntasacha airgid spáráilte nó á spáráil i láthair na huaire, beidh gá le hairgead eile a spáráil i dtréimhse an Ráitis Straitéise.

Le blianta beaga anuas, tugadh cóir níos fabhraí don earnáil oideachais ná mar a tugadh do réimsí eile den earnáil phoiblí ó thaobh bheith in ann poist múinteoirí agus poist cúntóirí riachtanas speisialta oideachais a líonadh faoi bheartas uimhreacha na hearnála poiblí agus faoin mhoratóir ar fholúntais a líonadh. Tugadh gealltanais áirithe don AE agus don IMF agus socraíodh spriocanna i dtaca le laghdú a dhéanamh ar líon foriomlán na seirbhíseach poiblí. Oibríonn tuairim is trian de sheirbhísigh phoiblí na tíre san earnáil oideachais agus tá tionchar ag na riachtanais sin ar an earnáil.

Tá gach eagraíocht earnála poiblí faoi cheangal oibriú laistigh de chreat a fhéachann le líon na n-oibrithe san earnáil phoiblí a laghdú agus chuige sin beidh gá le míreanna oibre a chur in ord tosaíochta i dtréimhse na straitéise seo.

Dá réir sin ní mór lánleas a bhaint as forálacha Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh (2010-2014) agus as deiseanna d'éifeachtúlachtaí ar nós seirbhísí comhroinnte, socruithe comhoibríocha i leith soláthair agus bheith solúbtha i dtaca le foireann a ath-imlonnú ar fud na hearnála oideachais.

3. Ár Spriocanna Ardleibhéil

Is é ár sprioc fhoriomlán a chinntiú go soláthraíonn an Roinn agus an earnáil oideachais agus oiliúna i gcoitinne seirbhís ar ardchaighdeán don phobal agus luach ar airgead don cháiníocóir. Ba mhaith linn tacú le daoine atá fostaithe san earnáil chun gur féidir leo an tseirbhís is fearr atá ar a gcumas a sholáthar. Sna trí bliana amach romhainn díreoimid ar réimsí ina bhféadfadh an Roinn agus an córas oideachais agus oiliúna i gcoitinne feidhmíocht a fheabhsú.

1. Córas oideachais scoile agus blianta luatha ar ardchaighdeán a sholáthar, le torthaí foghlama feabhsaithe.
2. Deiseanna a sholáthar do bhreisoiliúint agus d'athoiliúint a chomhlíonfaidh riachtanais daoine aonair agus riachtanais an mhargaidh shaothair.
3. Deiseanna foghlama, taighde agus nuála ar ardchaighdeán a sholáthar san earnáil ardoideachais.
4. Bonneagar cuí a phleanáil agus a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama

Sprioc 1:

Córas oideachais scoile agus blianta luatha a sholáthar, córas a bheidh cuimsitheach agus ar ardchaighdeán, agus a mbeidh torthaí foghlama níos fearr air

Is é tosaíocht na Roinne agus tacaíochtaí á soláthar don chóras scoile agus don luath-oideachas a chumasú do scoileanna agus do sholáthraithe eile torthaí ar ardchaighdeán a sholáthar don uile fhoghlaimeoir. Tacaíonn croífheidhmeanna na Roinne leis an tslí a dtugtar teacht dár leanaí agus dár ndaoine óga ar sheirbhísí oideachais agus le hoibriú an chórais oideachais.

Féachann an Roinn le caighdeáin arda, ábharthacht agus cuimsitheacht a chur ar aghaidh trí ghníomhaíochtaí éagsúla. Áirítear orthu sin tacaíochtaí teagaisc, airgeadais agus curaclaim a sholáthar, dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí idirghabhálacha spriocdhírithe, dul i ngleic le riachtanais foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, tacaíocht beartais, reachtach agus rialacháin a sholáthar, feabhsuithe leanúnacha ar churaclam, ar theagasc agus ar fhoghlaim a chur ar aghaidh trí fhorbairtí a bhaineann le meastóireacht, cuntasacht agus ceannaireacht.

Tá ceangal orainn faoin gClár Rialtais Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, rud a sholáthróidh sraith chuimsitheach beart chun na torthaí foghlama do leanaí agus do dhaoine óga a fheabhsú. Oibreoimid chun bearta a thabhairt isteach a chuirfidh feabhas ar churaclam, ar theagasc agus ar fhoghlaim, ar chaighdeán múinteoirí, ar chaighdeán na ceannaireachta scoile agus ar chuntasacht.

Is iad na feidhmeanna atá faoi chúram na Roinne is déine ó thaobh acmhainní agus cistithe de tacú leis an gcóras scoile trí thacaíocht dhíreach agus trí chomhairle do scoileanna agus do Choistí Gairmoideachais, tuarastail múinteoirí agus foirne scoile eile a íoc, tacaíochtaí oideachais speisialta a sholáthar, acmhainní spriocdhírithe a sholáthar chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil agus iompar scoile a sholáthar.

Cuspóirí san fhadtéarma

- Feabhas a chur ar inniúlacht leanaí ó bhéal i suíomhanna cúraim agus oideachais luath-óige (ECCE) agus iad a dhéanamh níos ullamh chun luath-theanga matamaitice agus smaointe matamaitice a fhorbairt.
- Céatadán na leanaí bunscoile a fheidhmíonn ar Leibhéal 3 nó níos airde (.i. ag na leibhéil is airde) sa Mheasúnú Náisiúnta Matamaitice agus Léitheoireacht Bhéarla a mhéadú de chúig phointe céatadáin ar a laghad i rang a dó agus i rang a sé faoin mbliain 2020.
- Céatadán na leanaí bunscoile a fheidhmíonn ar Leibhéal 1 nó faoina bhun (.i. an leibhéal íosta) sa Mheasúnú Náisiúnta Matamaitice agus Léitheoireacht Bhéarla a mhéadú de chúig phointe céatadáin ar a laghad i rang a dó agus i rang a sé faoin mbliain 2020.
- An ráta coimeádta do dhaltaí i scoileanna dara leibhéal a fheabhsú.
- Líon na ndaltaí a dhéanann matamaitic ardleibhéal sa scrúdú ag deireadh na sraithe sóisearaí a mhéadú go 60 faoin gcéad faoin mbliain 2020.
- Líon na ndaltaí a dhéanann matamaitic ardleibhéal san Ardteistiméireacht a mhéadú go 30 faoin gcéad faoin mbliain 2020.
- Céatadán na leanaí 15 bliana d'aois a fheidhmíonn ag Leibhéal 4 (.i. ar na leibhéil is airde) nó os a chionn i dtrialacha litearthachta agus uimhearthachta PISA a mhéadú de 5 phointe céatadáin ar a laghad faoin mbliain 2020.
- Líon na ndaltaí 15 bliana d'aois a fheidhmíonn ar Leibhéal 1 nó faoina bhun (an leibhéal íosta) i dtrialacha litearthachta agus uimhearthachta PISA a laghdú de 50% ar a laghad faoin mbliain 2020.
- An soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fheabhsú.

Seo na rudaí a dhéanfaimid		Táscairí Feidhmíochta
1.1	• Tacú le córas oideachais luath-óige ar ardchaighdeán, do leanaí idir 0-6 bliana.	• Plean Forbartha d'Oibrithe a chur i bhfeidhm san earnáil ECCE. • Síolta agus Aistear, na Creataí Náisiúnta Cáilíochta, a chur i bhfeidhm i suíomhanna ECCE.
1.2	• Tacú le hoibriú córas scoile ar ardchaighdeán.	• Tacaíochtaí teagaisc agus airgeadais curtha ar fáil do scoileanna ar bhonn bliantúil bunaithe ar chritéir aontaithe agus ar shonraí clárúcháin. • Forbairt beartais agus reachtach chun tacú le rialachas éifeachtach, bainistiú agus oibriú na scoileanna, lena n-áirítear rannpháirtíocht tuismitheoirí agus foghlaimeoirí. • Idirghabhálacha spriocdhírithe chun cabhrú le scoileanna dul i ngleic le laigí troma sa teagasc agus san fhoghlaim. • Nósanna imeachta maidir le tearcfheidhmíocht múinteoirí a oibriú go héifeachtach. • Aiseolas ó dhaltaí, ó thuismitheoirí agus ó sholáthraithe oideachais.
1.3	• Tacaíochtaí spriocdhírithe a sholáthar do scoileanna DEIS.	• Tacaíochtaí spriocdhírithe curtha ar fáil do scoileanna DEIS.
1.4	• Tacaíochtaí spriocdhírithe a sholáthar do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.	• Tacaíochtaí curtha ar fáil do dhaltaí i scoileanna príomhshrutha agus i scoileanna speisialta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
1.5	• Feabhsú a dhéanamh ar mheastóireacht sheachtrach scoileanna agus ionad oideachais trí raon na samhlacha cigireachta a leathnú agus a fheabhsú agus trí dheiseanna breise a sholáthar d'iarobair agus d'obair chomhairleach i scoileanna atá sa chlár cigireachta.	• Cumhdach cigireachta níos fearr ar scoileanna agus ar ionaid oideachais agus tuairisciú feabhsaithe do phobail scoile, don Oireachtas agus don phobal. • Samhlacha nua agus samhlacha feabhsaithe cigireachta curtha i bhfeidhm. • Feabhas ar nósanna imeachta iar-oibre i gcás scoileanna atá ag tearcfheidhmiú. • Rianú agus tuairisciú níos fearr á dhéanamh ar thionchar na cigireachta agus na measúnachta ar scoileanna agus ar ionaid oideachais.
1.6	• Spreagadh a thabhairt do bhoird bhainistíochta agus do phobail scoile chun dul i mbun féin-athbhreithnithe agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim i scoileanna agus in ionaid oideachais trí ábhair thacaíochta chuí a sholáthar.	• Ábhair ceaptha chun tacú le measúnú scoile. • Ní mór do gach scoil plean feabhsaithe scoile a bheith aici. • Samhlacha cigireachta seachtraí a cheartú chun féinmheastóireacht urrúnta scoile a mhisniú agus an mheastóireacht sin a chomhlánú.
1.7	• Seirbhísí síceolaíochta oideachais ar ardchaighdeán a sholáthar do scoileanna.	• Tá teacht ag daltaí ar thacaíocht shíceolaíoch ar ardchaighdeán ó NEPS.
1.8	• Seirbhís iompair shábháilte, éifeachtach ó thaobh costais agus éifeachtúil a sholáthar chuig agus abhaile ón scoil do leanaí incháilithe.	• Tugtar leanaí incháilithe chuig agus abhaile ón scoil go sábháilte. • Moltaí formheasta ón Athbhreithniú Luach ar Airgead ar an Scéim Iompair Scoile a chur i bhfeidhm.
1.9	• Curaclaim agus siollabais a fhorbairt agus a sholáthar i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a chumasóidh do leanaí agus do dhaoine óga scileanna a fhorbairt don saol, don fhoghlaim agus don obair.	• Tionscal Mata á roll amach i gcónaí. • Dul chun cinn déanta maidir le hathrú ar na socruithe curaclaim agus measúnachta don tsraith shóisearach. • Athbhreithniú ar an gcuraclam Béarla i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal chun torthaí foghlama a shoiléiriú. • Athbhreithniú ar an gcuraclam Gaeilge L1 agus L2 i mbunscoileanna agus i scoileanna

		dara leibhéal chun torthaí foghlama a shoiléiriú. • Athbhreithniú ar eilimintí de Churaclam na Bunscoile a bhaineann le ranganna na naíonán,
1.10	• Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta a cheapadh, a chur ar aghaidh agus a chur i bhfeidhm chun torthaí foghlama a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga.	• Gníomhaíochtaí na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta á gcur i bhfeidhm.
1.11	• Úsáid an TFC sa teagasc agus san fhoghlaim a thacú.	• ***Méadú de 25% bliain i ndiaidh bliana ar an meán laethúil de thrácht líonra leathanbhanda sna scoileanna comhiomlána.***
1.12	• Feabhas a dhéanamh ar mheasúnú agus ar mheastóireacht chun tacú le foghlaim, go háirithe ó thaobh litearthachta agus uimhearthachta.	• CPD spriocdhírithe a sholáthar i dtaobh úsáid níos fearr a bhaint as teicnící measúnachta chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. • Trialacha caighdeánaithe litearthachta agus uimhearthachta a chur i bhfeidhm sna bunscoileanna. • Sonraí measúnachta a thuairisciú ar shlí níos fearr do thuismitheoirí agus do bhoird bhainistíochta scoileanna. • Trialacha litearthachta agus uimhearthachta a cheapadh lena n-úsáid ar leibhéal na n-iar-bhunscoileanna. • Sonraí measúnachta ar litearthacht agus uimhearthacht bunscoile a bhailiú ar fud na tíre. • Ullmhúcháin chun sonraí measúnachta ar litearthacht agus uimhearthacht bunscoile a bhailiú ar fud na tíre.
1.13	• Cláir chuí a cheapadh agus a oibriú, i gcomhar le Coimisiún na Scrúduithe Stáit, do mheasúnú, do chreidiúnú agus do theistiú scrúduithe ar an dara leibhéal.	• Na Scrúduithe Stáit a bheith ag obair go héifeachtach ar an dara leibhéal. • Athchóiriú ar an gcóras scrúduithe ar aon dul le hathruithe curaclaim.
1.14	• Dul i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus le hoidí múinteoirí chun cláir oideachais tosaigh ar ardchaighdeán a sholáthar do mhúinteoirí.	• Áiteanna curtha ar fáil d'oideachas múinteoirí. • Síneadh a chur leis an tsamhail chomhthráthach trí bliana d'oideachas tosaigh do bhunmhúinteoirí. • Síneadh a chur le tréimhse an Dioplóma Iar-chéime san Oideachas (PGDE) (don tsamhail chomhthráthach oideachas múinteoirí) go dhá bhliain ar a laghad. • Dul chun cinn ar athchumrú inneachair agus fad chúrsaí oideachais tosaigh do mhúinteoirí (ITE) chun a chinntiú go bhforbraítear scileanna múinteoirí sa litearthacht agus san uimhearthacht.
1.15	• Cláir fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí a sholáthar a bheidh ar ardchaighdeán agus bainteach le hábhar.	• Cláir agus cúrsaí samhraidh inseirbhíse a sholáthar trí Líonra na Lárionad Oideachais. • Déantar cúrsaí forbartha ghairmiúil leanúnaigh do mhúinteoirí a chreidiúnú agus a mheasúnú ar shlí leordhóthanach. • Treoir agus acmhainní mionsonraithe a sholáthar do mhúinteoirí agus do chleachtóirí ECCE i dtaobh dea-chleachtais ó thaobh litearthacht agus uimhearthacht a mhúineadh trí lámhleabhair, cúrsaí ar líne, acmhainní digiteacha agus acmhainní eile.
1.16	• Tacú le feabhsuithe ar mhúineadh na Gaeilge ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile.	• Acht na Comhairle Múinteoireachta 2001 a achtú go hiomlán. • Creataí éifeachtacha i bhfeidhm chun an

		ghairm mhúinteoireachta a rialú.
1.17	• Tacú le feabhsuithe ar mhúineadh na Gaeilge ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile.	• Na hathruithe curaclaim don Ghaeilge ar L1 agus L2 ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile a chur i bhfeidhm faoi mar atá beartaithe faoin Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. • Na híosriachtanais iontrála sa Ghaeilge a mhéadú i gcás na gclár oideachais tosaigh do bhunmhúinteoirí. • Feabhsuithe ar mheasúnú na litearthachta Gaeilge mar L1 i scoileanna Gaeilge a chur i bhfeidhm, faoi mar a shonraítear sa Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta. • Spriocanna ábhartha i Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge a bheadh insroichte sa ghearrthéarma a chur i bhfeidhm.
1.18	• Socruithe pátrúnachta a chur i bhfeidhm do scoileanna nuabhunaithe agus tacú le hobair an Fhoraim um Pátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil na mBunscoileanna.	• Beartas nua an Rialtais ar phátrúnacht scoile agus moltaí an Fhoraim a chur i bhfeidhm.
1.19	• Dul i gcomhar leis an tSeirbhís Ceartais don Óige chun straitéis agus beartais a fhorbairt a chomhlíonfaidh riachtanais oideachais daoine óga atá i scoileanna coinneála.	• Clár oideachais agus oiliúna a sholáthar do dhaoine óga i scoileanna coinneála

Sprioc 2:

Deiseanna a sholáthar do bhreis-sciliú agus d'athsciliú a chomhlíonfaidh riachtanais daoine aonair agus riachtanais an mhargaidh shaothair.

Aibhsítear sa Straitéis Náisiúnta Scileanna go mbeidh breis-sciliú agus/nó ath-sciliú agus foghlaim leanúnach de dhíth le haghaidh mórán gach poist sa todhchaí. Leagtar amach sa Straitéis sprioc uallmhianach de 330,000 duine nach bhfuil teastas foghlama nó a choibhéis acu ag dul suas leibhéal amháin ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí sa tréimhse go 2020. Tá tús áite tugtha ag an Rialtas sa Chlár Rialtais do scoileanna litearthachta agus uimhearthachta san áit oibre.

Taispeánann na torthaí ón Suirbhé Ráithiúil ar Theaghlaigh R3 2011 gur mhéadaigh an ráta dífhostaíochta san fhadtéarma ó 6.5% go 8.4% sa bhliain go R3 2011. Ba ionann dífhostaíocht san fhadtéarma agus 56.3% den dífhostaíocht ar fad i R3 2011. Tá gealltanas i ráiteas beartais Ghníomhachtúcháin Mhargaidh Shaothair an Rialtais *Pathways to Work* go gcuirfear tuilleadh áiteanna breisoideachais agus oiliúna ar fáil dóibh siúd atá dífhostaithe agus go gcothófar caidreamh oibre níos dlúithe idir an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh. Trí SOLAS a bhunú agus an earnáil bhreisoideachais agus oiliúna a athchóiriú, oibreoidh an Rialtas chun caighdeán agus ábharthacht an tsoláthair bhreisoideachais agus oiliúna a fheabhsú. Tá socruithe feabhsaithe rialachais trasrannach i bhfeidhm anois chun maoirsiú a dhéanamh ar bhunú NEES agus SOLAs ar bhealach comhordaithe.

Cuspóirí san fhadtéarma

- Dul chun cinn i leith bhaint amach spriocanna na Straitéise Náisiúnta Scileanna.
- Cláir spriocdhírithe breisoideachais agus oiliúna a sholáthar chun cur le hinfhostaitheacht foghlaimeoirí, lena n-áirítear cuardaitheoirí poist.
- Dul chun cinn maidir le *Pathways to Work* a chur i bhfeidhm lena n-áirítear áiteanna agus seirbhísí éifeachtachta atreoraithe arna mbainistiú ag NEES, SOLAS agus soláthraithe breisoideachais agus oiliúna a sholáthar chun freastal ar riachtanais daoine dífhostaithe.

Seo na rudaí a dhéanfaimid		**Táscairí Feidhmíochta**
2.1	• Tacóimid le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Scileanna.	• Dul chun cinn maidir le baint amach spriocanna na Straitéise Náisiúnta Scileanna.
2.2	• SOLAS, údarás nua breisoideachais agus oiliúna, a bhunú, chun cláir bhreisoideachais agus oiliúna a athchóiriú, a chomhordú agus a mhaoiniú ar fud na tíre.	• SOLAS a bhunú ar bhonn riaracháin agus reachtúil. • Áitreabh Ionad Oiliúna FÁS agus foireann réigiúnach cuí FÁS a aistriú go dtí na Coistí Gairmoideachais.
2.3	• Comhordú a chinntiú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí i dtaobh bhunú SOLAS agus roll amach NEES.	• Meicníochtaí éifeachtacha comhordaithe agus rialachais i bhfeidhm faoi mar atá leagtha amach in *Pathways to Work.*
2.4	• Naisc fhoirmiúla a bhunú idir NEES agus SOLAs agus Coistí Gairmoideachais chun a chinntiú go ndéantar daoine dífhostaithe a tharchur go cuí.	• Struchtúir agus comhaontuithe leibhéal seirbhíse cuí i bhfeidhm.
2.5	• A chinntiú go gcuirfear deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil a bheidh ar ardchaighdeán, dírithe ar an bhfoghlaimeoir, ábhartha agus solúbtha chun gur féidir le daoine, go háirithe cuardaitheoirí poist agus	• Méadú ar sholáthar clár arna gcreidiúnú ag FETAC, go háirithe ar Leibhéil 1 agus 2. • Méadú ar rannpháirtíocht spriocghrúpaí ar nós cuardaitheoirí

	daoine faoi mhíchumas, iad féin a bhreis-sciliú agus a athsciliú	poist, daoine faoi mhíchumas agus daoine ar bheagán scileanna i gcláir bhreisoideachais agus oiliúna. • Méadú ar sholáthar clár breisoideachais agus oiliúna atá solúbtha, ábhartha agus dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus a fhreagraíonn do riachtanais scile foghlaimeoirí agus do riachtanais náisiúnta. • Méadú déanta ar ráta forchéimnithe chuig oiliúint nó breisoideachas nó ardoideachas nó fostaíocht.
2.6	• Dul i mbun oibre le soláthraithe chun cuid dhílis de raon leathan clár breisoideachas agus oiliúna a dhéanamh d'oiliúint litearthachta	• Modúl litearthachta ina chuid de chúrsaí áirithe. • Feabhas ar scileanna litearthachta.
2.7	• Meastóireachtaí a dhéanamh ar chláir bhreisoideachais agus oiliúna d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad chomh héifeachtach agus is féidir.	• Cur i bhfeidhm moltaí ag éirí as meastóireachtaí.
2.8	• Dul i mbun oibre le soláthraithe chun próiseas urrúnta um dhearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm.	• Próiseas féinmheastóireachta níos struchtúrtha a bheith curtha i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhíse. • Próisis urrúnta um dhearbhú cáilíochta a bheith curtha i bhfeidhm ag soláthraithe, próisis atá aontaithe go seachtrach agus bailíochtaithe ag FETAC (agus ag an ngníomhaireacht cónasctha cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta).

Sprioc 3:

Deiseanna foghlama, taighde agus nuála ar ardchaighdeán a sholáthar san earnáil ardoideachais.

Is ról tábhachtach é ról an ardoideachais ó thaobh tacú le deiseanna pearsanta agus le forbairt shóisialta, shibhialta agus chultúrtha. Aithnítear gur eilimint don bhonneagar náisiúnta é atá ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad ó thaobh tacú le forbairt na fiontraíochta, le nuáil agus le fás geilleagrach. Sa chomhthéacs sin, tosaíocht is ea é tacú le teagasc agus le foghlaim ar ardchaighdeán, le taighde agus nuáil san ardoideachas agus cur le cumas na hearnála freastal do riachtanais foghlaimeoirí, an gheilleagair agus na sochaí ar riachtanais iad atá ag athrú. Is é aidhm na Roinne teacht ar ardoideachas a chur ar aghaidh go háirithe do na grúpaí is lú a bhaineann leas as faoi láthair agus deiseanna solúbtha foghlama a sholáthar. Is iad ár gcuspóirí san fhadtéarma méadú a dhéanamh ar leibhéil ghnóthachtála oideachais an lucht saothair i gcoitinne agus ionadú na ngrúpaí is lú ionadaíochta san ardoideachas a mhéadú.

Cuspóirí fadtéarmacha

- Tacú le hathnuachan gheilleagrach, fás agus mianach saoil na hÉireann trí chóras ardoideachais nuálach, solúbtha agus freagrúil a fhorbairt a thabharfaidh teacht ar an gcóras sin do raon níos leithne daoine agus a mbeidh teagasc, taighde agus rannpháirtíocht ar ardchaighdeán mar chomhartha sóirt air.

An méid a dhéanfaimid		**Táscairí Feidhmíochta**
3.1	• Creat nua beartais agus oibríochta a fhorbairt don ardoideachas, a mbeidh an cistiú mar ghné de.	• Dul chun cinn maidir leis na bearta a aithníodh sa Straitéis Náisiúnta um an Plean Feidhmíochta Ardoideachais a chur chun cinn. D'fhéach an Straitéis le díriú ar chuspóirí maidir le feabhas a bhaint amach i gcúrsaí teagaisc agus foghlama, taighde agus rannpháirtíochta agus díriú ar chúrsaí inbhuanaitheachta agus cistithe, ar fhorbairt córas, ar rialachas agus ar shaincheisteanna feidhmíochta.
3.2	• Dul i mbun oibre leis an Údarás um Ardoideachas agus leis an nGníomhaireacht nua Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilithe chun tacaíocht éifeachtach beartais, maoirseachta agus ceannaireachta a sholáthar don earnáil ardoideachais chun freastal do riachtanais an fhoghlaimeora.	• Méadú ar chineálacha cur chuige solúbtha i leith na foghlama san ardoideachas. • Forbairt leanúnach ar an gCreat um Dhearbhú Cáilíochta don ardoideachas, lena n-áirítear tagarmharcanna ábhair a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar chóras na scrúdaitheoirí seachtracha.
3.3	• Tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Scileanna.	• Dul chun cinn i dtaca le spriocanna na Straitéise Náisiúnta Scileanna a bhaint amach.
3.4	• Tacú le cuspóirí na Straitéise do Theicneolaíocht na hEolaíochta agus don Nuáil ("SSTI") taighde ar chaighdeán domhanda a fhorbairt in institiúidí ardoideachais.	• Socruithe feabhsaithe d'aistriú na teicneolaíochta a bheith i bhfeidhm. • Fás ar líon na nDochtúireachtaí, na Máistreachtaí agus na dtaighdeoirí ag céim luath i leith spriocanna daonchaipitil SSTI a shroicheadh.
3.5	• Teacht chothrom ar ardoideachas a chur ar aghaidh	• Cistiú le haghaidh scéimeanna tacaíochta airgeadais. • Bearta, tionscnaimh agus idirghabhálacha spriocdhírithe chun teacht ar ardoideachas a chur ar aghaidh do na grúpaí is lú ionadaíochta ann agus chun na daoine sin a choinneáil ann.

		• Méadú ar rátaí rannpháirtíochta i measc na ngrúpaí is lú ionadaíochta.
3.6	• Straitéis nua a chur i bhfeidhm chun cur le hidirnáisiúnú sheirbhísí oideachais na hÉireann agus Éire a chur ar aghaidh go hidirnáisiúnta mar lárionad feabhais san oideachas agus san oiliúint.	• Méadú ar líon na mac léinn idirnáisiúnta in institiúidí ardoideachais agus ar líon na mac léinn ag déanamh staidéir ar an mBéarla in Éirinn. • Méadú ar shoghluaisteacht amach fhoireann agus mic léinn Éireannacha ar aon dul le cuspóirí an AE agus cuspóirí Phróiseas Bologna
3.7	• Clár athchóirithe reachtach agus riaracháin a chur i bhfeidhm i dtaca le deontais chothabhála mac léinn.	• Údarás amháin a cheapadh chun deontais a dheonú do mhic léinn. • Scéim nua chomhaontaithe amháin i bhfeidhm do dheontais chothabhála mac léinn. • Leibhéal sástachta na gcustaiméirí leis an gcóras nua deontais do mhic léinn

Sprioc 4:

Bonneagar cuí a phleanáil agus a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama

Is í ár n-aidhm bonneagar oiriúnach a sholáthar do thimpeallachtaí foghlama ionas go mbeidh teacht ag gach foghlaimeoir ar thimpeallacht foghlama nua-aimseartha. Ní mór dúinn a chinntiú go gcuirimid cóiríocht ar fáil chun freastal don éileamh ar áiteanna scoile i gceantair mar a bhfuil méadú ag teacht ar chlárú. Is amhlaidh go rannchuideoidh tionscadail tógála san earnáil oideachais le gníomhaíocht gheilleagrach, le poist a chruthú ar fud na tíre agus le méadú ar acmhainn táirgeachta na tíre. Tá laghdú suntasach tagtha ar chostais tógála le blianta beaga anuas agus féachfaimid leis an luach is fearr is féidir a fháil don cháiníocóir.

Cuspóirí fadtéarmacha

- Plean cúig bliana maidir le bonneagar oideachais ar leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile a chur i bhfeidhm.
- Áiseanna ar ardchaighdeán a sholáthar don earnáil ardoideachais

An méid a dhéanfaimid		**Táscairí Feidhmíochta**
4.1	Riachtanais chóiríochta a aithníodh as seo go dtí an bhliain 2016 a liostú, a bheartú agus tús a chur lena soláthar. Beidh na riachtanais sin bunaithe ar threochtaí déimeagrafacha agus ar shonraí maidir le líon na scoileanna atá ann cheana.	Dul chun cinn i dtaca le mórthionscadail scoile. Líon na scoileanna: Dár ceannaíodh suíomhanna Dár cuireadh mionteagaisc i dtoll a chéile Dár ceapadh foirne dearaidh. Dár cuireadh tús leis an tógáil .
4.2	Modheolaíochtaí éagsúla a úsáid chun mórthionscadail atá ar chlár tógála na n-iarbhunscoileanna a thógáil de réir amlínte sonracha na dtionscadal sin.	Dár tugadh tionscadal chun críche
4.3	Tionscadail ardoideachais a thabhairt chun críche mar a bhfuil tús curtha cheana féin leis an tógáil agus riarachán laethúil a aistriú go dtí an tÚdarás um Ardoideachas.	Tionscadail ábhartha a bheith tugtha chun críche.
4.4	Córais fheabhsaithe bainistíocht airgeadais, breithmheasa, iniúchóireachta agus bainistíocht sócmhainní a fhorbairt do thionscadail bhonneagair chun luach ar airgead agus éifeachtacht an chaiteachais chaipitil a chinntiú.	Líon na n-iniúchtaí agus na seiceálacha gan choinne a rinneadh. Córais feabhsaithe a bheith i bhfeidhm chun tacú le roghnú agus seachadadh tionscadal bonneagair.
4.5	Feabhas a chur ar chumarsáid agus ar chomhordú le geallsealbhóirí seachtracha	Feabhas ar chomhar leis na húdaráis áitiúla ó thaobh suíomhanna a aithint agus pleanáil áitiúil a dhéanamh. Eolas a fhoilsiú go rialta ar shuíomh idirlín na Roinne i dtaobh leithdháileadh cistithe agus stádas tionscadal tógála. Treoir theicniúil chuimsitheach a sholáthar d'fhoirne dearaidh chun a chinntiú go ndéanfar réitigh chuí atá éifeachtach ó thaobh chostais a fhorbairt laistigh d'amlínte comhaontaithe.
4.6	Aistriú bonneagar scoile, atá faoi úinéireacht na 18 gcinn d'oird reiligiúnacha a luaitear i dTuarascáil Uí Riain, a idirbheartú gan aon chostas breise ar an Stát.	Próiseas d'aistriú bonneagar scoile a bheith i bhfeidhm. Aistrithe curtha i gcrích

4. A chinntiú go mbíonn an Roinn freagrúil, inniúil agus éifeachtach

Ní mór don Roinn a bheith freagrúil, inniúil agus éifeachtach i dtaca le spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach. Táimid tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcustaiméirí agus dul i mbun oibre go héifeachtach lenár ngeallsealbhóirí.

Is mian linn a chinntiú go gcuirimid luach ar airgead ar fáil don cháiníocóir agus go mbímid freagrach as an tslí a gcuirtear seirbhísí ar fáil agus a éifeachtaí atá siad.

Leanfaimid de bheith ag cur feabhais ar ár modhanna oibre, ag cinntiú gur struchtúir agus córais éifeachtacha a bheidh sa Roinn agus sa chóras oideachais i gcoitinne.

Leanfaimid de bheith ag soláthar forbartha agus tacaíochta dár bhfoireann agus féachfaimid le feidhmíocht a fheabhsú ar gach leibhéal den eagraíocht. Cothóimid obair bhuíne éifeachtach, comhar agus cumarsáid inmheánach éifeachtach. Go háirithe, oibreoimid sa tréimhse is ábhar don Ráiteas Straitéise seo chun dul i gceann thorthaí an Athbhreithnithe Eagraíochtúil ar an Roinn.

Beidh roinnt dúshlán romhainn i dtaca le torthaí ***Athbhreithniú Eagraíochtúil*** na Roinne, a chorpraíonn tuairimí ár bhfoirne féin agus tuairimí ár bpríomh-gheallsealbhóirí. Táimid lándáiríre faoi na dúshláin sin a bheith sáraithe i dtréimhse an ráitis straitéise seo. Aithnítear san athbhreithniú gurb é an neart is suntasaí dá bhfuil ag an Roinn an fhoireann dhíograiseach thiomnaithe. Oibreoimid lena chinntiú go gcuirfimid ar chumas na foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach agus rannchuidiú leis an Roinn chun cuspóirí agus spriocanna na Roinne a bhaint amach.

An méid a dhéanfaimid	**Táscairí Feidhmíochta**
• Tacú leis an tionscnamh *Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí* ar fud na hearnála oideachais.	• Dul chun cinn ó thaobh chur i bhfeidhm thionscnaimh *Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí* .
• Ár ról mar cheannairí earnála a neartú agus tuiscint i bpáirt ar shaincheisteanna agus ar chláir oibre a chinntiú; Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a chomhaontú lenár ngníomhaireachtaí agus lenár soláthraithe oideachais áit is cuí.	• Teagmháil rialta struchtúrtha idir bainistíocht shinsearach na Roinne, a gníomhaireachtaí agus a geallsealbhóiri eile. • Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse a bheith comhaontaithe le gníomhaireachtaí ábhartha agus le soláthraithe oideachais.
• De réir Thús Áite do Leanaí, tacóimid leis an gcóras oideachais chun timpeallacht shábháilte a sholáthar do gach leanbh.	• Nósanna imeachta i bhfeidhm d'fhoireann na Roinne i dtaca le húdar imní mar gheall ar chosaint agus leas leanaí a thugtar dá n-aire a thuairisciú. • Treoirlínte um Chosaint Leanaí a sholáthar do scoileanna chun tacú lena ról sa réimse sin. • Beartais agus nósanna imeachta cuí cosanta leanaí a bheith ceaptha ag gníomhaireachtaí ina Roinne.
• Tús curtha le bunú na 16 Bord Oideachais agus Oiliúna ar aon dul le gealltanas an Chláir Rialtais.	• Dul chun cinn maidir le reachtaíocht a dhréachtú chun na Coistí Gairmoideachais a athstruchtúrú agus a chuíchóiriú. • Dul chun cinn maidir le clár a chur i bhfeidhm chun earnáil na gCoistí Gairmoideachais a athstruchtúrú agus a chuíchóiriú.
• Tacú le nuachóiriú na hearnála oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta a chuireann dea-chleachtas ar aghaidh i gcúrsaí caidrimh thionsclaíoch.	• Plean Gníomhaíochta na Roinne/Gníomhaireachta faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a chur i bhfeidhm. • Síocháin thionsclaíoch san earnáil oideachais mar bhonn le feabhas ar sheachadadh seirbhíse.
• Plean Gníomhaíochta an Chláir Athbhreithnithe ar an Eagraíocht a chur i bhfeidhm.	• Dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le cur i bhfeidhm an Phlean Ghníomhaíochta um Athbhreithniú ar an Eagraíocht.

• Tacú lenár bhfoireann chun a gcuid dualgais a chomhlíonadh chomh maith agus is féidir trí fheabhas a chur ar chumarsáid inmheánach, imlonnú éifeachtach acmhainní foirne a chinntiú, deiseanna oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil lena n-áirítear oiliúint ar an láthair.	• Díriú ar riachtanais oiliúna a aithníodh tríd an gCóras Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta (CBFF)
• Leanúint de bheith ag cur le caighdeán ár n-eolais, ár gcumas anailísithe agus meastóireachta agus saineolais chun bonn eolais a sholáthar d'fhorbairt roghanna beartais agus seachadta seirbhíse; cur lenár gcumas saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a aithint agus a bhainistiú.	• Forbairt a dhéanamh ar chórais bhainistíocht eolais na Roinne. • Saineolas cuí ar anailís beartais a bheith curtha ar fáil tríd an oilúint chuí a bheith curtha ar fáil.
• Seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar don Rialtas, don Aire, do na hAirí Stáit agus don chóras polaitiúil i gcoitinne.	• Aiseolas a bheith faighte ó na hAirí agus ó bhaill den chóras polaitiúil i gcoitinne.
• Clár foirmiúil um bainistíocht ar athrú a bheith curtha i bhfeidhm chun cur chuige pleanáilte agus dea-araíonachta a chinntiú i leith éifeachtúlachtaí eagraíochtúla a aithint agus a shaothrú.	• Líon na dtionscadal um athinnealtóireacht próiseas gnó a bheidh gafa de láimh. • Dul chun cinn a dhéanamh maidir le pleananna feabhsaithe próiseas gnó a chur i bhfeidhm.
• A chinntiú go gcuirtear cláir ar fáil ar an tslí is éifeachtaí agus go ndéantar dea-bhainistíocht ar chur chun feidhme clár agus go mbíonn sé ailínithe le hobair eile.	• Struchtúir agus próisis na Roinne a bheith athchumraithe chun freastal do riachtanais atá ag athrú. • Athbhreithniú bliantúil a bheith déanta ar chur i bhfeidhm pleananna gnó. • Úsáid chuí a bheith bainte as na córais TF atá ann cheana féin chun próisis ghnó a líomhchóiriú.
• Na bearta a chinn an Rialtas ag éirí as an Athbhreithniú Uileghabhálach ar Chaiteachas a bheith curtha i bhfeidhm agus tacaíocht tugtha dóibh. Sa chomhthéacs seo déanfaimid ár mbuiséad féin a bhainistiú go héifeachtach agus tabharfar tús áite do na gníomhaíochtaí sin is mó tionchar agus éifeachtúlacht, lena n-áirítear cur chuige Buiséadadh Feidhmíochta a chur i bhfeidhm.	• Athbhreithniú Uileghabhálach Caiteachais an Rialtais a bheith curtha i bhfeidhm san earnáil oideachais. • Ardchaighdeáin bainistíochta agus rialaithe airgeadais a bheith i réim agus á bhfíorú ag comhlachtaí monatóireachta seachtracha.
• Úsáid níos mó a bhaint as TF chun feabhas a chur ar an tslí a ndéanaimid ár gcuid oibre; chun úsáid seirbhísí comhroinnte a éascú; chun seirbhísí agus eolas ar líne a sholáthar don phobal agus don chóras oideachais agus oiliúna i gcoitinne, lena n-áirítear suíomhanna idirlín nua dírithe ar an gcustaiméir.	• Dul chun cinn maidir le Straitéis TFC na Roinne. • Suíomh idirlín nua a bheidh ar fáil i samhradh na bliana 2012
• Monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá ár bpróisis bainistithe riosca, rialaithe agus rialachais trí obair Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne.	• Dul chun cinn a dhéanamh ar mholtaí ag éirí as tuarascálacha iniúchóireachta inmheánaí a chur i bhfeidhm.
• Meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar na príomhréimsí caiteachais tríd an gclár Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Beartais.	• Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Beartais a bheith tugtha chun críche agus a gcuid moltaí curtha i bhfeidhm.
• Sonraí a bhaineann le hoideachas agus oiliúint a bheith curtha ar fáil don phobal agus d'eagraíochtaí ar nós Eurostat, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE), agus Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe.	• Paimfléad staitisticí oideachais bliantúil a bheith foilsithe laistigh den tréimhse ama aontaithe. • Feabhsuithe déanta ar Dhaonáireamh Bliantúil na mBunscoileanna. • Feabhsuithe déanta ar infhaighteacht staitisticí oideachais agus ar a éasca atá sé teacht orthu ar shuíomh idirlín na Roinne.

5. Saincheisteanna Ginearálta

Caitheann an Roinn mórchuid ama agus acmhainní ag rannchuidiú le huimhir mhór coistí agus grúpaí trasrannacha a phléann le raon leathan saincheisteanna eacnamúla agus sóisialta. Laistigh de chomhthéacs thosaíochtaí an Rialtais maidir leis an oideachas, leanfaimid de bheith ag rannchuidiú chun beartais agus seirbhisí ginearálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear iad seo a leanas: Straitéis Náisiúnta na Leanaí, an Straitéis Fiche Bliain don Ghaeilge, an Straitéis Náisiúnta Drugaí, RAPID, agus Athbheochan Luimnigh.

Eilimint thábhachtach dár gcuid oibre ar leibhéal an AE is ea oideachas agus oiliúint agus leanfaimid de bheith ag rannchuidiú go gníomhach le forbairt an oideachais agus na hoiliúna trí chomhar, trí chinnteoireacht chomhchoiteann agus trí bheith rannpháirteach i gcláir ghníomhaíochta ar leibhéal an AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta. Tabharfar aird ar chúrsaí oideachais agus oiliúna i gclár Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa bhliain 2013. Lena chois sin, cuirimid raon scoláireachtaí agus malartuithe idirnáisiúnta agus cláir dhéthaobhacha oideachais agus cultúir ar fáil. Tabharfar tús áite sna blianta atá amach romhainn don Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta – *Infheistíocht i gCaidreamh Domhanda (Investing in Global Relationships)* a chur i bhfeidhm. Deis a bheidh ann chun cur le cáil na hÉireann thar lear forbairt a dhéanamh ar an earnáil oideachais idirnáisiúnta. Chomh maith le rannchuidiú le gníomhaíocht ghearrthéarmach sa gheilleagar, infheistíocht is ea é i gcaidreamh gnó, trádála, cultúrtha agus turasóireachta na hÉireann sa todhchaí

Leanfaimid de bheith ag obair chun comhar agus gníomhaíochtaí i bpáirt a fhorbairt idir dhá thaobh an oileáin, i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta. Sa chomhthéacs sin, leanfar de raon leathan clár agus comhthionscnamh a fhorbairt, agus de bheith ag tacú leo agus rannpháirteach iontu. Díreoidh na cláir agus na comhthionscnaimh sin ar thuiscint fhrithpháirteach a mhéadú agus ar chomhar níos dlúithe a chur ar aghaidh. Baineann roinnt clár díobh sin le comhar lastall d'oileán na hÉireann, le húdaráis oideachais agus le hinstitiúidí ábhartha eile sa Bhreatain, sna Stáit Aontaithe agus san AE d'fhonn an leas is fearr is féidir a bhaint as a rannchuidiú dearfach i leith comhar Thuaidh / Theas.

6. Monatóireacht agus Tuairisciú ar Chur i bhFeidhm ár Straitéise

Tríd an bpróiseas pleanála gnó, déanfaidh an tArd-Rúnaí agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach sa Roinn monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn maidir leis na spriocanna atá leagtha amach sa ráiteas straitéise seo a bheith á mbaint amach. Léireofar na spriocanna ardleibhéil sna spriocanna agus sna tascanna a aontófar le baill aonair foirne gach bliain.

Gheofar i Ráiteas Táirgeachta Bliantúil agus i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne sonraí ar an aschur a fuarthas ón ionchur airgeadais a cuireadh ar fáil do gach sprioc, agus gaolófar acmhainní agus torthaí. Leasóimid ár socruithe tuairiscithe bliantúla ar aon dul le gealltanais an Chláir Rialtais i dtaca le Tuarascálacha Seachadta Seirbhíse Poiblí a sholáthar. Cuirfimid tuarascálacha rialta ar fáil i dtaca le cur chun feidhme an Chláir Rialtais.

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchtaí leanúnacha ar fháltais agus ar chaiteachas na Roinne agus ar ár gcórais, ár nósanna imeachta agus ár gcleachtais. Scrúdaíonn an tArd-Reachtaire feidhmeanna agus cláir ar leith ó thaobh luach ar airgead, leis. Foilsítear torthaí na n-iniúchtaí agus na n-imscrúduithe sin i dTuarascáil Bhliantúil an Ard-Reachtaire.Tuairisceoidh oifigigh chuí faoi mar a iarrfar orthu do choistí cuí Oireachtais ar ghnéithe de ghníomhaíochtaí na Roinne ar mian leis na coistí sin iad a scrúdú.

AGUISÍN 1 – An Clár um Ghealltanais an Rialtais	
Gealltanas	**Gníomhartha Gaolmhara i dtréimhse an Ráitis Straitéise seo**
• Laistigh den chéad 100 lá, cuirfimid acmhainní ar fáil do Chiste Jabanna a sholáthróidh acmhainní do 15,000 áit bhreise oiliúna, taithí oibre agus oideachais dóibh siúd nach bhfuil obair acu. • Soláthróimid raon tionscnamh chun teacht níos fusa a thabhairt ar ardoideachas dóibh siúd atá dífhostaithe. • Tabharfaimid tús áite don litearthacht agus do bhunscileanna don ionad oibre, agus déanfar oiliúint litearthachta a chomhtháthú le raon leathan deiseanna breisoideachais. • Laistigh den iomlán sin, cuirfimid 30,000 áit bhreise oiliúna ar fáil sa chóras oideachais agus oiliúna, agus scaipfear iad ar aon dul le moltaí an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scile sa Todhchaí. • Leathnóimid na roghanna oiliúna do chuardaitheoirí poist sna hearnálacha gairmoideachais, breisoideachais agus ardoideachais chun breis-sciliú an lucht aothair a éascú. • Díreoimid ar fhadhb fhorleathan agus leanúnach na litearthachta d'aosaigh tríd an litearthacht a chomhtháthú leis an ngairmoideachas agus trí oideachas pobail. • Éascóimid daoine atá faoi mhíchumas chun gur féidir leo leibhéal níos airde rannpháirtíochta a bhaint amach i bhfostaíocht, in oiliúint agus in oideachas.	• Tá eilimintí ábhartha den Tionscnamh Jabanna a fógraíodh i mBealtaine 2011 á gcur i bhfeidhm. • Tá údarás breisoideachais agus oiliúna, SOLAS, á bhunú. Déanfaidh SOLAS an raon leathan clár breisoideachais agus oiliúna ar fad na tíre a athchóiriú, a chomhordú agus a mhaoiniú ionas go mbeidh fócas foghlaimeoir-láraithe acu agus go mbeidh siad comhtháite, solúbtha, go bhfaighfear luach ar airgead astu agus go mbeidh siad freagrúil do riachtanais foghlaimeoirí agus do riachtanais geilleagair atá ag athrú. • Tá an tÚdarás um Ardoideachas (HEA), a bhainistíonn Springboard thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, ag tabhairt chun críche an chéad chéim den athbhreithniú ar Springboard 2011. Beidh sé sin mar bhonn eolais faoin nGairm ar Thograí le haghaidh Springboard 2012 a bhfuil súil leis roimh dheireadh Fheabhra 2012. Meastar go dtabharfar an próiseas roghnúcháin chun críche agus go bhfógrófar na cláir nua roimh dheireadh Aibreán 2012 • De dhroim an Chiste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair a bhí i bhfeidhm sna blianta 2010 agus 2011, tabharfar isteach ciste nua sa bhliain 2012 a bheidh dírithe go sonrach ar dhaoine atá dífhostaithe san fhadtéarma. Cuirfidh an ciste seo ón gCiste Náisiúnta Oiliúna, ar fiú €20 milliún é, breis is 6,500 áit oideachais agus oiliúna ar fáil.
• Cuirfear Straitéis Náisiúnta um Oideachas Idirnáisiúnta i bhfeidhm, chun branda nua 'Oideachas Éirinn' a fhorbairt, chun tuilleadh mac léinn idirnáisiúnta a mhealladh chun teacht anseo chun staidéar a dhéanamh, rud a chruthódh poist nua san earnáil. • Beidh sé mar chuspóir againn líon na mac léinn idirnáisiunta in Éirinn a dhúbailt, go háirithe mic léinn ón India, ón tSín agus on Lár-Oirthear. • Coimeádfar leis an mbeartas seo ar aon dul le riachtanais fostaíochta, acadúla agus scile an gheilleagair tríd is tríd agus na hearnála oideachais. • Déanfaimid athrú ó bhun ar chóras víosa na mac léinn agus cinnteoimid go ndéanfar forbairt straitéiseach ar fhógraíocht, ar bheartais don diaspóra agus ar chórais um dhearbhú cáilíochta chun áit na hearnála oideachais idirnáisiúnta a bharrfheabhsú.	• Tá an Straitéis Oideachais Idirnáisiúnta – *Ag Infheistiú i nGaolta Domhanda* – faoi lánseoil.
• Déanfar athbhreithniú iomlán ar thuarascálacha Hunt agus an OECD ar chistiú triú leibhéal roimh dheireadh 2011. Is é is sprioc dúinn córas maoinithe a thabhairt isteach a sholáthróidh cistiú iontaofa d'institiúidí tríú leibhéal gan tionchar a bheith aige ar rochtain do dhaltaí. • Athbhreithneoimid moltaí thuarascáil Hunt ar an ardoideachas. Beidh nuachóiriú ar an tríú leibhéal faoi threoir an ghá atá le torthaí foghlama a fheabhsú i gcás mic léinn fochéime, agus taighde ar ardchaighdeán a sholáthar.	• D'ullmhaigh an HEA tuarascáil eatramhach ar a inbhuanaithe atá an creat maoinithe reatha don ardoideachas. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid an Aire i Samhain 2011. Beidh obair bhreise nach beag á déanamh ag an HEA chun bonn eolais a chur faoi na tograí a bheidh á gcur i dtoll a chéile maidir le conas is féidir linn ardoideachas a mhaoiniú ar bhonn inbhuanaithe sna blianta romhainn. • Tá an Plean Feidhmiúcháin don Straitéis Náisiúnta um Ardoideachas faoi lánseoil

• Tionscnóimid iniúchadh ar cháilíochtaí leibhéal 8, iniúchadh a mbeidh teorainn ama leis, agus ar thorthaí foghlama do chéimithe ó na cúrsaí seo. • Tabharfaimid isteach athchóiriú radacach ar institiúidí tríú leibhéal chun an luach is fearr is féidir a fháil ar an maoiniú reatha, go háirithe leasú ar chonarthaí acadúla, agus misneofar institiúidí oideachais chun bheith níos speisialaithe. • Taiscéalfaimid arbh fhéidir Ollscoil Theicniúil ilchampais a bhunú san Oirdheisceart.	
• Foilseoidh gach scoil tuarascáil bhliantúil dá cuid féin. • Iarrfar ar scoileanna, le tacaíocht ón gCigireacht, pleananna forbartha cúig bliana a dhréachtú dá scoileanna agus do mhúinteoirí aonair. • Leasófar an córas um meastóireacht scoileanna chun tuilleadh eolais a thabhairt do theaghlaigh agus scoil á roghnú acu. Tabharfar isteach córas nua féinmheastóireachta, ina n-iarrfar ar gach scoil a bhfeidhmíocht féin bliain i ndiaidh bliana a mheas agus eolas a fhoilsiú de réir raon leathan critéar.	• Raon doiciméad a fhorbairt a thacóidh le féinmheastóireacht scoileanna. Beidh treoirthionscadal ann sa bhliain 2011/2012. • Beidh tuarascálacha féinmheastóireachta á gcur i dtoll a chéile gach bliain ag scoileanna faoi dheireadh 2014. • Ceapfar samhlacha cigireachta seachtracha do scoileanna mar chomhlánú ar fhéinmheastóireacht scoileanna.
• Tabharfar breis saoirse agus neamhspleáchais do phríomhoidí agus do bhoird scoileanna chun caighdeáin oideachais a ardú trí bhreis fhreagracht a chineachadh go háitiúil agus saoirse níos mó a thabhairt chun baill foirne a leithdháileadh agus a bhainistiú ar shlí sholúbtha agus freagrachtaí bainistíochta a chineachadh ar mhúinteoirí, de réir mar is gá ó thaobh thosaíochtaí na scoile.	• Breithneofar ar cheart bearta nua a thabhairt isteach chun solúbthacht níos mó a thabhairt ar leibhéal scoile.
• Tabharfar tús áite i gcúrsaí oideachais do mhúinteoirí ar an gcaighdeán is airde a earcú, a oiliúint agus a thacú. Bunriachtanas i dtaca le baint amach na sprice sin a bheidh i gceannaireacht scoile.	• Tá leasú ar Oideachas Múinteoirí faoi lánseoil i bhfianaise na Straitéise Náisiunta Litearthachta agus Uimhearthachta.
• Déanfar feidhmeanna riaracháin a dhéanann príomhoidí faoi láthair, a bhaineann le cothabháil, tionscadail tógála scoile agus comhordú seirbhísí tacaíochta, a chineachadh go háitiúil.	• Déanfar dul chun cinn i gclár athstruchtúrtha agus cuíchóirithe na gCoistí Gairmoideachais.
• Tabharfaidh an Rialtas seo tús áite don oideachas. Déanfaidh sé iarracht eispéireas oideachais leanaí, daoine óga agus mac léinn a chosaint agus a fheabhsú. Chuige sin, déanfaidh sé iarracht na seirbhísí líne thosaigh san oideachas a chosaint, agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach i gcleachtais oibre agus scoile, ar aon dul le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh.	• Tabharfar tús áite dó ó thaobh ullmhú na meastachán bliantúil agus an teagmháil leanúnach le geallsealbhóirí i dtaca le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh a chur i bhfeidhm.
• Déanfaimid athbhreithniú ar chórais an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta agus déanfaimid na leasuithe is gá chun nuáil agus foghlaim neamhspleách a chothú, ag tógáil ar obair an CNCM sa réimse sin. • Déanfar athstruchtúrú ar mhúineadh na matamaitice agus na heolaíochta dara leibhéal, lena n-áirítear ábhar éigeantach a dhéanamh den eolaíocht sa Teastas Sóisearach faoin mbliain 2014. Tabharfar tús áite d'fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí	• Athbhreithniú faoi lánseoil ar shocruithe curaclaim agus measúnachta na Sraithe Sóisearaí. • An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta á cur i bhfeidhm. • Tá sin á dhéanamh mar chuid de roll amach Thionscadal Mata agus i bhfianaise an athchóirithe atá ar bun i láthair na huaire ar churaclam agus ar mheasúnacht d'fhonn a chinntiú go sroichfidh gach dalta an leibhéal riachtanach inniúlachta sa mhatamaitic agus san

mata agus eolaíochta. • Tabharfar isteach córas pointí bónais don mhata, a bheidh nasctha le cúrsaí mata agus eolaíochta ar leith, chun rannpháirtíocht a spreagadh i gcúrsaí mar a bhfuil gannchion scileanna i láthair na huaire.	eolaíocht ar chríoch an oideachais éigeantaigh. • Beidh scéim pointí bónais á cur i bhfeidhm do dhaltaí atá ag déanamh na matamaitice ardleibhéal san Ardteistiméireacht ó 2012 ar aghaidh.
• Ceapfar straitéis náisiúnta litearthachta do leanaí agus do dhaoine óga mar bheart práinne, agus spriocanna scoile a bheidh gaolmhar le spriocanna náisiúnta. Beidh ar gach scoil plean gníomhaíochta litearthachta a cheapadh, agus torthaí intomhaiste a bheith ann. Is iad príomhoidí scoile a bheidh freagrach as na torthaí sin a bhaint amach agus beidh forbairt ghairmiúil ar fáil dóibh ar bhonn leanúnach chun tacú le cur i bhfeidhm na straitéise seo. • Feabhsófar oiliúint réamhsheirbhíse agus inseirbhíse do bhunmhúinteoirí agus do mheánmhúinteoirí, agus oibreoidh meantóirí speisialaithe litearthachta go dian le múinteoirí sna bunscoileanna is mó atá faoi mhíbhuntáiste. • Beidh ar bhunscoileanna DEIS litearthacht a mhúineadh ar feadh 120 nóiméad gach lá; 90 nóiméad sa lá a bheidh ag teastáil i ngach bunscoil eile. Áireofar ar an tréimhse ama sin teagasc struchtúrtha litearthachta a chuimsiú in ábhair eile. • Aidhm níos fadtéarmaí de chuid an Rialtais seo is ea Éire a shuí sna deich dtír is fearr feidhmíochta i gClár an OECD do Mheasúnú Idirnáisiúnta ar Dhaltaí (PISA).	• An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, a foilsíodh an 8 Iúil 2011, á cur i bhfeidhm.
Ní chaithfear leis an TFC san oideachas mar mhír neamhspleách níos mó, faoin Rialtas seo, ach déanfar é a chomhtháthú leis an mbeartas oideachais i gcoitinne. • Tosóidh sin nuair a chomhcheanglófar an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. • Ceapfar plean nua chun an TFC a lánpháirtiú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Mar chuid den phlean sin comhtháthófar beartas TFC le gníomhaireachtaí eile, ar nós na Seirbhísí Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus Tionscadal Mata. • Tabharfar tús áite sa ghearrthéarma san infheistíocht a dhéanfar in TFC do lánpháirtiú an TFC sa teagasc agus san fhoghlaim ar fud an churaclaim agus ar fhorbairt leathanbhanda chun a chinntiú go mbeidh teacht ag scoileanna ar leathanbhanda snáithínchumhachtaithe. Déanfar infheistíocht in TFC a bharrfheabhsú trí sholáthar TFC a chomhthiomsú.	• Rachfar i mbun taighde agus comhairliúcháin mar chabhair chun plean nua a fhorbairt do lánpháirtiú an TFC sa bheartas oideachais. An chéad chéim eagraíochtúil sa phróiseas seo ná feidhmeanna an Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas a chomhcheangal leis an CNCM agus le seirbhísí tacaíochta na Roinne agus tá sin sin faoi lánseoil. • Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Nádúrtha ag maoiniú roll amach na naisc 100Mbit chun go mbeidh nasc ag gach scoil faoi dheireadh na bliana 2014. Leanfar de thús áite a thabhairt don ghníomh seo i dtréimhse an Ráitis Straitéise ach na hacmhainní a bheith ar fáil dó. • Cuirfear scoileanna ar áireamh i gcreata náisiúnta soláthair áit is cuí. • Athbhreithneofar na hacmhainní atá ann cheana

• Bainfear úsáid níos mó as ardáin ar líne chun raon leathan ábhar agus ceachtanna a thairiscint ar líne, chun gur feidir le scoileanna múinteoirí a 'chomhroinnt' trí chraoltaí beo ar líne. Cuirfear na ceachtanna ar líne seo ar fáil trí Acmhainn Dhigiteach Scoile nua, a thabharfaidh le chéile acmhainní ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó fhoinsí eile mar shlí éifeachtúil ó thaobh costais de chun saineolas a chomhroinnt idir scoileanna. • Rachaimid i gcomhar leis an tionscal foilsitheoireachta chun tuilleadh acmhainní foghlama ar líne agus meáin nua dá n-ábhar foghlama a fhorbairt.	i bhfianaise lánpháirtiú eagraíochtúil fheidhmeanna an Lárionaid Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas leis an CNCM agus na seirbhísí tacaíochta. Taiscéalfar roghanna maidir le dearadh agus seachadadh acmhainn náisiúnta chomhtháite. Déanfar moltaí dá chur i bhfeidhm i bhfianaise na n-acmhainní atá ar fáil. • Rachfar i gcomhairle leis an tionscal foilsitheoireachta le linn thréimhse an Ráitis Straitéise.
• Tabharfaidh an Ráiteas tús áite do thionscadail tógála scoile i bplean gníomhaíochta náisiúnta athchóirithe. • Is é an cuspóir a bheidh ag an Rialtas seo deireadh a chur de réir a chéile le seomraí réamhdhéanta a thógáil ar cíos, rud atá neamhéifeachtúil ó thaobh costais. Idir an dá linn déanfar conarthaí cíosa do sheomraí réamhdhéanta a idirbheartú mar chuid de bheartas athchóirithe um sholáthar poiblí chun luach níos fearr ar airgead agus breis trédhearcachta a bhaint amach agus an spleáchas ar chóiríocht shealadach a laghdú. • Reáchtálfar treoirscéim maidir le cineachadh an bhuiséid chaipitil bliantúil do scoileanna chun deis a thabhairt do scoileanna pleanáil faoi choinne tionscadal caipitil. • Déanfar athchóiriú ar bhunachar sonraí lárnach na Roinne Oideachais um chóiríocht scoile chun a chinntiú go mbeidh fardal iomlán d'fhoirgnimh scoile agus de struchtúir ghaolmhara ann ionas gur féidir easnamh a aithint go héasca. • I gceantar ina bhfuil fás déimeagrafach, is iad Campais Oideachais Chomhroinnte a bheidh mar shamhail roghnach ó thaobh bonneagar oideachais a fhorbairt amach anseo. Tógfar scoileanna nua ionas go dtiocfaidh fás orthu agus ar a bpobail i gcomhthráth, agus chun samhail oideachais níos idirghníomhaí agus níos oiriúnaí do leanaí a sholáthar.	• Foilsíodh an Creat um Infheistíocht Chaipitil san Oideachas sa Mheántéarma an 10 Samhain 2011. • Fógraíodh Clár Tógála na Scoileanna don bhliain 2012 an 19 Nollaig 2011. • Foilseofar mionsonraí an phlean bhonneagair cúig bliana don oideachas sa chéad ráithe de 2012. Sonrófar ann cathain a chuirfear i gcrích na mórthionscadal scoile a bheidh riachtanach chun freastal ar fhás déimeagrafach. Cuirfidh foilsiú an phlean sin le trédhearcacht agus le hoscailteacht sa chóras tógála scoileanna. • Bainfear úsáid as modheolaíochtaí éagsúla chun mórthionscadail a thógáil ar an gclár tógála bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna de réir creataí ama ar leith do thionscadail. • Tá an obair chun na bunachair shonraí atá ann cheana a fhorbairt faoi lánseoil le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI). • Tá taighde á dhéanamh ar riachtanais dearaidh na todhchaí do chóiríocht scoile; tá suíomhanna á gceannach do scoileanna.
• Déanfar aistriú an bhonneagair scoile atá faoi úinéireacht na 18 ord rialta a luaitear i dTuarascáil Uí Riain, a idirbheartú gan chostas breise don Stát. I bprionsabal, déanfar foirgnimh agus talamh scoile a zónáil le haghaidh úsáid oideachais, ionas nach féidir iad a dhíol nó a bhaint den chóras.	• Tá an obair idir lámha i dtaca le ranníocaíochtaí i leith costas an Fhreagra ar Shásamh ó na 18 ord rialta.
• Breithneofar moltaí ón athbhreithniú ar chlár DEIS agus déanfar ardán dóibh do thionscnaimh nua a thabharfaidh torthaí níos fearr do dhaltaí i gceantair faoi	• Tá meastóireacht ar DEIS á dhéanamh ag an bhForas Taighde ar Oideachas agus foilseofar tuarascáil sa chéad ráithe de 2012. Beidh torthaí an athbhreithnithe mar bhonn eolais faoi aon

mhíbhuntáiste. • Scrúdóimid conas a d'fhéadfaí an caiteachas reatha ar mhíbhuntáiste oideachasúil a dhéanamh níos éifeachtaí, agus cé na bealaí nuálacha ina bhféadfaí daltaí a d'fhéadfadh an scoil a fhágáil go róluath a choimeád sa chóras, mar shampla trí chianfhoghlaim bunaithe ar TFC agus trí thionscadail ar nós iScoil.	athrú a dhéanfar ar an gclár reatha.
• Foilseoimid plean chun Acht EPSEN 2004 a chur i bhfeidhm chun tús áite ar phlean oideachais aonair a thabhairt do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tabharfar tús áite do bhogadh chuig córas mar a leanann na tacaíochtaí riachtanacha an leanbh ón mbunscoil go dtí an dara leibhéal agus do chomhtháthú a bhaint amach idir sheirbhísí a bhaineann le riachtanais speisialta. • Tacóimid le héagsúlacht in oideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, ag aithint gur feidir le dianoideachas agus príomhshruthú araon bheith ina réitigh chuí do leanaí aonair. • Aithnímid a thábhachtaí atá sé neamhord ar speictream an uathachais a dhiagnóis go luath agus idirghabháil luath a dhéanamh agus díreoimid ar an easnamh sa réimse sin i láthair na huaire. Cealóimid an ciorrú a rinneadh ar líon na síceolaithe sa tSeirbhísí Náisiúnta Síceolaithe Oideachais i mBuiséad 2011. • Scrúdóimid na tacaíochtaí atá i bhfeidhm do dhaltaí sárchumais agus feabhsóimid na naisc le hinstitiúidí tríú leibhéal ar bhonn réigiúnach, chun teacht a thabhairt do dhaltaí sárchumais ar chláir nua nó ar acmhainní oideachais.	• I bhfianaise na gcostas atá i gceist agus na srianta airgeadaíochta reatha, beidh dúshláin ag gabháil le díriú ar an tsaincheist sin. Táthar ag smaoineamh ar conas is féidir cuspóirí Acht EPSEN a sheachadadh agus torthaí oideachais a fheabhsú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. • Leanfaimid de bheith ag cur an cur chuige seo i bhfeidhm mar chuid de leanúntas soláthair do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu sa raon ó thacaíocht i rang príomhshrutha go rang / aonad speisialta go scoil speisialta. • Breithneofar é i gcomhthéacs mheastacháin bhliantúla na bliana 2012 agus cur i bhfeidhm an Chreata Rialaithe Fostaíochta don Earnáil Oideachais. • Déanfar na naisc le hinstitiúidí tríú leibhéal a fheabhsú sa tréimhse a chlúdaítear sa straitéis seo.
• Tionscnóimid Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na mBunscoileanna, fóram a mbeidh teorainn ama leis, chun gur féidir le geallsealbhóirí, lena n-áirítear tuismitheoirí, díospóireacht oscailte a bheith acu mar gheall ar athrú pátrúnachta i bpobail mar a bhfuil gá leis agus mar a mbeadh sé cuí. Beidh téarmaí tagartha gonta ag an bhFóram agus dhá mhí dhéag ar a mhéad a mhairfidh sé. • Tiomsófar moltaí an Fhóraim i bhfoirm Pháipéar Ban lena mbreithniú agus lena gcur i bhfeidhm ag an Rialtas chun a chinntiú gur féidir leis an gcóras oideachais líon scoileanna atá éagsúil a ndóthain a sholáthar chun freastal ar lucht creidimh agus ar an líon sin nach bhfuil creideamh acu. • Tabharfaimid guth do thuismitheoirí agus do phobail áitiúla maidir le pátrúnacht scoileanna atá ann cheana agus scoileanna nua, trí vóta díreach, mar shampla. • Glacfaimid le córas pátrúnachta níos iolrachaí ar an dara leibhéal, agus	• Fóram ar Phátrúnacht agus Iolrachas curtha ar bun. • Déanfar dul chun cinn ann i bhfianaise na moltaí a tháinig d'obair an Fhóraim ar Phátrúnacht agus Iolrachas agus an chur chuige nua beartais ar phátrúnacht scoileanna nua. • Aitheantas d'Educate Together mar phátrún do scoileanna dara leibhéal. • Beartas nua i dtaobh pátrúnacht scoileanna nua curtha ar bun agus á chur i bhfeidhm.

aithneofar rogha pátrún níos leithne.	
• Níor cheart daoine de chreideamh ar bith agus ó chúlraí creidimh mhionlaigh agus daoine a aithníonn iad féin go poiblí mar LGBT a dhíspreagadh ó dhul i mbun oiliúna nó fostaíochta mar mhúinteoirí sa Stát.	• Déanfar dul chun cinn anseo i gcomhairle le hoifigigh sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
• Tacaímid le hathlonnú Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin de réir mar is féidir ó thaobh acmhainní de.	• Cuireadh infheistíocht ón Státchiste i mbonneagar ar ceal agus tá an phleanáil faoi lánseoil.
• Déanfaimid comhcheangal idir na húdaráis creidiúnaithe atá ann cheana: Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí, FETAC agus HETAC, chun cur le trédhearcacht.	• Tá dul chun cinn á dhéanamh leis an mBille um Cháilíochtaí agus um Dhearbhú Cáilíochta. • Tá tús curtha ag Bord Eatramhach agus ag Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Ainmnithe an chomhlachta nua leis an bpleanáil mhionsonraithe a bheidh riachtanach don chónascadh agus tá Grúpa Pleanála lárnach agus roinnt Grúpaí Tionscadail Tascfhórsa bunaithe, ina bhfuil baill foirne na gcomhlachtaí i dtrácht. Tá ceaptha go rachaidh ullmhúcháin riaracháin don chónascadh ar aghaidh go comhthreomhar le rith na reachtaíochta chun a chinntiú go mbunófar an comhlacht go luath tar éis an achtaithe.
• Tabharfaimid cothrom le dáta na cláir feasachta drugaí sna scoileanna, cláir atá imithe as dáta, chun dearcthaí reatha agus fíor-úsáid drugaí caitheamh aimsire i measc déagóirí a léiriú.	• Tá grúpa oibre á bhunú chun na treoirlínte atá ann cheana a nuashonrú.
• Misneoimid scoileanna chun beartais frithbhulaíochta a fhorbairt, agus go háirithe, straitéisí chun dul i ngleic le bulaíocht hómafóbach agus chun tacú le daltaí.	• Dul chun cinn á dhéanamh ar dhul i ngleic le bulaíocht, lena n-áirítear bulaíocht hómafóbach.
• Déanfaimid athchóiriú iomlán ar churaclam na Gaeilge agus ar an tslí a múintear Gaeilge sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna. Déanfar an curaclam a athchóiriú chun béim níos mó a chur ar scileanna ó bhéil agus ar scileanna cluaise. Leithdháilfear 50% de na marcanna ar an scrúdú béil san Ardteistiméireacht. • Féachfaimid le céatadán na ndaltaí a dhéanann Gaeilge Ardleibhéal san Ardteistiméireacht a dhúbailt faoin mbliain 2018. • Déanfaimid beart chun cáilíocht agus éifeachtúlacht mhúineadh na Gaeilge ar an dara leibhéal a fheabhsú. Agus na céimeanna sin curtha i gcrích, féachfaimid ar cheart ábhar roghnach a dhéanamh den Ghaeilge san Ardteistiméireacht.	• An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta á cur i bhfeidhm. • Tabharfaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta tús áite láithreach do leasú an churaclaim Ghaeilge do bhunscoileanna Gaeilge. • Tabharfaidh an CNCM tús áite d'athbhreithniú ar an siollabas Gaeilge i scoileanna Gaeilge mar chuid d'athchóiriú na sraithe sóisearaí. • Tá obair ar siúl i gcónaí ar théacsanna agus acmhainní a cheapadh do scoileanna trí obair na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. • Bunaíodh grúpa oibre, faoi choimirce na Roinne Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, chun céimeanna a leagan amach agus a aontú maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge.